
# Éire agus an Afraic

## Ilchríoch atá ag athrú agus muid i gComh-Pháirtíocht léi

STRAITÉIS I LEITH NA HAFRAICE DON
ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA

MEÁN FÓMHAIR 2011



# CLÁR AN ÁBHAIR

RÉAMHRÁ AG AN TÁNAISTE AGUS AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA
**EAMON GILMORE TD** ........ 03

RÉAMHRÁ AG AN AIRE STÁIT UM TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT
**JAN O'SULLIVAN TD** ........ 04

**CUID A HAON**
BROLLACH ........ 05

**CUID A DÓ**
COMHPHÁIRTÍOCHT NA FORBARTHA ........ 07

**CUID A TRÍ**
AN CAIDREAMH POLAITIÚIL ........ 11

**CUID A CEATHAIR**
CAIDREAMH TRÁDÁLA AGUS EACNAMAÍOCHTA ........ 15

**CUID A CÚIG**
MOLTAÍ DON TRÉIMHSE ROMHAINN ........ 21

**CUID A SÉ**
ACHOIMRIÚ NA BPOINTÍ GNÍOMHAÍOCHTA A SONRAÍTEAR MAR THREOIR CHUN AN CAIDREAMH LEIS AN AFRAIC A FHORLEATHNÚ FEASTA ........ 27

# RÉAMHRÁ AG AN TÁNAISTE AGUS AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA

**ÉAMON GILMORE TD**



Is mór an pléisiúr dom Straitéis nua na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i leith na hAfraice a chur i láthair, rud a dhéanfas soiléiriú ar an tosaíocht agus dearcadh níos grinne ar an gcaidreamh leis an Afraic i rith na mblianta atá romhainn.

Téann caidreamh na hÉireann leis an Afraic i bhfad siar agus bíonn sé diongbháilte, dearfach. Tá ceangal docht againn ann go háirithe de bharr obair na misinéirí agus na n-eagraíochtaí cúnaimh, agus de bharr éifeacht an chlár náisiúnta cúnamh um fhorbairt. Cuireann dea-cháil lucht síocháiníochta, taidhleoireachta agus gnó leis an gceangal sin.

Is mithid dúinn anois céim nua chun tosaigh a ghlacadh sa chaidreamh leis an Afraic agus aitheantas a thabhairt ar an dóigh sin don chaoi a bhfuil tíortha na hAfraice dulta chun cinn agus chun aibíochta, rud a chiallaíonn nach miste dúinne dul chun cinn agus chun aibíochta freisin maidir leis an dearcadh atá againn ina leith.

Cuireann an straitéis nua seo i leith na hAfraice athchruth ar an anailís againn maidir le cor agus claonadh na hAfraice agus an bhaint atá aici leis an domhan mór.  Aithníonn sí gur ilchríoch í an Afraic a bhfuil 50 tír ann agus an-éagsúlacht eatarthu. Cé go dtugann sí aitheantas don chéim ar aghaidh atá déanta maidir leis an choinbhleacht a mhaolú, an daonlathas a chothú agus caighdeáin na gcearta daonna a chomhlíonadh agus a fheidhmiú, tugann sí tosaíocht chomh maith don obair agus don ghníomhaíocht atá romhainn amach sna mór-réimsí seo.

Aithníonn an Straitéis chomh maith go bhfuil forbairt nach beag á cur i gcrích ar fud na hilchríche i gcursaí eacnamaíocha agus sóisialta

Tá sé á léiriú ag an Afraic go bhfuil feidhm le obair na forbartha.  Ní hionann rithim ná méid na forbartha i ngach áit, áfach:  is lú an tairbhe atá á baint amach ag tíortha áirithe ná a chéile agus, taobh istigh den tír, tá pobail ann a fágtar chun deiridh. Dá réir sin, tá ról againne fós, agus beidh feasta, maidir le tacaíocht agus aighneacht ar son beartas agus scéimeanna a mhaolódh an leatrom agus a dhéanfadh díothú faoi dheireadh ar an dearóile agus ar an ocras, trí bhíthin obair Chúnamh Éireann agus trí bhíthin an tseasaimh agus an pholasaí a thaobhaímid taobh istigh den Aontas Eorpach, de na Náisiúin Aontaithe agus i mbaill eile.

Aithníonn an Straitéis ar deireadh go mbeidh gá ag an Afraic, de réir mar a thagann forás inti, le riar, le earraí agus le seirbhísí nach acmhainn di féin iad a chur ar fáil, go bhfuil an t-éileamh ar earraí agus seirbhísi ag éirí i measc tíortha na hAfraice agus go bhfuil cuideachtaí bunaithe in Éirinn atá suite go maith chun páirt níos forránaí a ghlacadh san Afraic. Geallaim féin agus an Roinn seo agam, maille lenár gcuid ambasáidí ar fud na hAfraice, i ndlúthpháirt le Fiontar Éireann agus eagraíochtaí eile agus cumainn lucht gnó, geallaimid, trí bhíthin na Straitéise seo, go gcuideoimid leis an taighde, leis an ngréasobair agus an fothú is gá chun freastal ar an trádáil agus infheistíocht sa dá threo agus iad a éascú.

Is é bunús an cur chuige nua seo i leith na hAfraice go bhfuil fúinn oibriú nios dlúithe lenár macasamhla san Afraic, go rachaimid i ngleic níos doimhne le cúrsaí na hAfraice i gcaibidlí an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe agus, thar aon rud eile, go n-éistfimid níos minicí le glór ár gcomhpháirtithe san Afraic agus le pobal na hAfraice féin.



# RÉAMHRÁ AG AN AIRE STÁIT UM TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT

**JAN O'SULLIVAN TD**

Beidh an cháipéis straitéise seo ina treoir maidir le caidreamh na hÉireann le tíortha na hAfraice a fhorbairt sa tréimhse amach romhainn. Freagraíonn sí don éileamh a dhéanann an Afraic orainn agus í ag athrú, agus rianaíonn sí an slí chun caidreamh níos doimhne a shnaidhmeadh le tíortha uile na hilchríche.

I measc na moltaí atá inti maidir leis an ghaolmhaireacht láidir atá againn a athneartú, moltar ról níos mó do ghnólachtaí Éireannacha, ról a chuideoidh le infheistíocht agus trádáil nua a chothú. Rachaidh an trádáil seo chun sochar d'Éirinn agus don Afraic araon agus bunófar í ar phrionsabail fhónta gnó, sa chaoi go mbeidh sí inbhuanaithe go ceann i bhfad. Thug mé cuairt ar an Afraic agus mé i mbun mo chúraim mar Aire atá freagrach as an Trádáil agus as cláracha Chúnamh Éireann, agus ghlac mé páirt san iliomad cruinnithe agus díospóireachtaí le mo mhacasamhla ón Afraic.

Léirigh na cuairteanna agus na teagmhála seo roinnt sainphointí dom: i dtosach, tá toradh ar obair na forbartha san Afraic. Ina dhiaidh sin, leanann go leor fadhbanna ar aghaidh agus tá gá fós ag tíortha na hAfraice le cúnamh uainne chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht, an ocras agus an leatrom. An tríú rud, ní leor an cúnamh um fhorbairt ann féin chun na fadhbanna sin a réiteach; más áil linn buanréiteach a fháil beidh gá le feidhmiú na n-acmhainní inmheánacha, infheistíocht dhíreach eachtrach, comhoibriú réigiúnach breise san Afraic féin, an Afraic a chomhtháthú leis an margadh domhanda agus breis trádála sa dá threo idir an Afraic agus an chuid eile den domhan, an tAontas Eorpach agus Éire san áireamh.

Is cinnte go ndearnadh dochar do dhea-cháil na hÉireann le tamall anuas. Tá dhá réimse atá bunúsach don gcáil sin, áfach, atá fós tréan: sárobair an lucht easportála agus feabhas agus éifeacht an chomhair um fhorbairt. Creidim go mbeidh beathpháirt le glacadh acu maidir le dea-cháil idirnáisiúnta na hÉireann a athghabháil. Is cinnte gur san Afraic a thagann an dá ghné sin le chéile agus gur sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a déantar iad a tháthú ó thaobh an pholasaí agus an Rialtais de.

Níl sna rialtais, áfach, ach cuid den phróiseas. Thug mé sainscéal amháin liom go soiléir as an teagmháil a bhí agam le Airí Rialtais, oifigigh stáit agus ionadaithe pobail san Afraic, ó ceapadh i mo phost mé – teastaíonn ón Afraic tuilleadh infheistíochta a fháil ón earnáil phríobháideach, tuilleadh trádála, tuilleadh comhfhiontar, tuilleadh teagmhála idir gnóthais ar gach bealach. Táimid ag freagairt don mian sin trí bhíthin na straitéise seo: cuirfear i bhfeidhm í go diongbháilte ins na blianta amach romhainn.

CUID A HAON

# BROLLACH



## **CUID A HAON** BROLLACH

1.1 Ilchríoch ollmhór, ilghnéitheach atá san Afraic, agus í ag athrú go bunúsach agus go tapa. Maidir le go leor tíortha taobh ó dheas den Sahára, ainneoin na gconstaicí atá roimh an bhforás, tá níos mó borradh faoin ngeilleagar le blianta beaga anuas, níos mó trádála agus infheistíochta, níos lú cogaíochta agus níos mó daoine ag glacadh páirt sa daonlathas ná ariamh. Tá an Afraic á táthú níos dlúithe le geilleagar an domhain mhóir, rud a chuireann áiméar trádála agus infheistíochta ar fáil don am i láthair agus don am atá le teacht. Tá aird níos mó á tabhairt sa chaibidil idirnáisiúnta ar thuairimí na dtíortha afraiceacha.

1.2 De réir mar a théann caidreamh na hÉireann leis an Afraic, agus le tíortha na hAfraice faoi seach, in aibíocht, tagann soiléiriú ar an ngaol atá idir na gnéithe éagsúla den chaidreamh sin – an pholaitíocht, an comhar um fhorbairt, an trádáil agus an infheistíocht. Éilíonn sé sin freasa nó freagairt comhleanúnach níos mó ná ariamh orainn, bímis ag plé le gach tír faoi seach nó ag gníomhaíocht mar bhallstát den Aontas Eorpach nó de na Náisiúin Aontaithe.

1.3 Tá dúshláin mhóra roimh an Afraic fós. An bhochtaineacht agus an t-ocras na constaicí is mó atá roimh an bhforás ins an iliomad réigiún san Afraic. Leanfaidh an mhór-roinn agus a cuid comhpháirtithe idirnáisiúnta, Éire san áireamh, ag tabhairt tosaíochta don iarracht Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Bíonn fadhbanna rialachais agus breabaireachta, easpa gléine agus trédhearcachta, lagmheas ar chearta an duine agus laige i bhfeidhmiú dlithe chun an saoránach a chosaint fós le sonrú ins go leor tíortha agus cuireann na laigí sin constaicí roimh dul chun cinn na heacnamaíochta agus an tsaoil shóisialta.

Tá dea-cháil bainte amach ag Éirinn mar chomhpháirtí dáiríre, muiníneach, de bharr oidhreacht na misinéirí as Éirinn a chuir oideachas ar go leor de thaoisigh na hAfraice, de bharr seirbhís na síochána atá déanta ag fórsaí cosanta na hÉireann agus, le tamall anuas, trí bhíthin an chomhair um fhorbairt atá á riaradh go díreach ag an Rialtas agus na scéimeanna a bhíonn á bhfeidhmiú ag eagraíochta neamhrialtasacha as Éirinn. Tá dul chun cinn nach beag déanta ins na hearnála sóisialta, sa rialachas, in acmhainn na hearnála poiblí agus i gcumas na náisiún aghaidh a thabhairt ar eachtraí éigeandála, de bharr an chaidrimh seo. Tá Éire le tríocha bliain anuas ag cur leis an ionadaíocht atá aici ins an Afraic, agus tá aon cheann déag de oifigí taidhleoireachta anois aici ar fud na hilchríche. Agus an gréasán seo mar thaca aici, leanfaidh Éire uirthi ag díriú ar fhadhbanna uile na forbartha, idir cheisteanna eacnamaíochta, polaitíochta, sóisialta, timpeallachta, rialachais agus chearta an duine. 1.4

Aithníonn tíortha na hAfraice féin gur gá an fhostaíocht a mhéadú, infheistíocht dhíreach a thabhairt isteach ón iasacht, an trádáil agus an earnáil phríobháideach a chothú, mar bhunús leis an bhforás agus leis an bhforbairt amach anseo. Maidir le Éirinn, tugann sé seo áiméar dúinn cur leis an taithí atá againn ar an gcomhar um fhorbairt. Táimid ag druidim i dtreo caidreamh le tíortha na hAfraice a bheadh níos cothroime, níos aibí, a chuimseodh imagallamh polaitiúil níos treise agus trádáil agus infheistíocht inbhuanaithe sa dá threo. Ní hionann sin is a rá go ndéanfar comhar na hÉireann um fhorbairt a cheangal le cúinsí tráchtála ná eacnamaíochta. Ní dhéanfar sin. Ach de thoradh an chomhair sin tá gaol níos airde céim á chruthú le himeacht aimsire, rud a fhágas go bhfuil an caidreamh polaitiúil, eacnamaíochta agus forbartha ag teacht ar comhbhrí. 1.5

CUID A DÓ

# COMHPHÁIRTÍOCHT NA FORBARTHA



## **CUID A DÓ** COMHPHÁIRTÍOCHT NA FORBARTHA

2.1 Tá an comhar um fhorbairt, agus na beartais agus na scéimeanna san Afraic a bhaineann leis, i gcroí-lár pholasaí eachtrach na hÉireann. Dírítear 80% de bhuiséad Chúnamh Éireann (Irish Aid) ar an Afraic taobh ó dheas den Sahára. Tugaimid tús áite i gcónaí don dúshlán ollmhór a bhaineann leis an bhochtaineacht a laghdú, an forás cothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus cearta an duine agus an dea-rialachas a chothú.

2.2 **Tá Jan O'Sullivan T.D., Aire Stáit um Trádáil agus Forbairt, tar éis Athbhreithniú a fhógairt ar Pháipéar Bán 2006 ar Chúnamh Éireann. Foilseofar toradh na hoibre sin i gcaitheamh 2012 agus beidh mór-anáil aige ar an treo ina ngabhfaidh an comhar um fhorbairt feasta, agus é ina chuid dhílis de pholasaí eachtrach na hÉireann. Is léir cheana go leanfaidh polasaithe forbartha na hÉireann den bhéim a chuireann siad ar chórais áitiúla a neartú agus an cumas a chothú chun réiteach dúchasach a aimsiú ar fhadhbanna an dai-bhris, de réir an scoth-chleachtais idirnáisiúnta chun an cúnamh idirnáisiúnta a dhéanamh níos éifeachtaí, agus de réir na sain-téamaí tosaíochta, mar atá an t-ocras, athrú na haeráide, comhionannas inscne, an comhrac in éadan na mór-ráigeanna galar ar nós VEID (HIV) agus SEIF (AIDS), agus an dea-rialachas a chothú.**

2.3 Tá borradh faoin eacnamaíocht ag go leor tíortha san Afraic nach bhfaca a leithéid cheana. San am céanna, nuair a tionóladh Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe i mí Meán Fómhair 2010 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise, tuairiscíodh nach raibh sé in ndán dá bhformhór na spriocanna sin a bhaint amach faoin mbliain 2015.

San am céanna, nuair a tionóladh Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe i mí Meán Fómhair 2010 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise, tuairiscíodh nach raibh sé in ndán dá bhformhór na spriocanna sin a bhaint amach faoin mbliain 2015 Cloífidh Éire lena seasamh gur gá treisiú leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun na spriocanna a bhaint amach faoi 2015. Tá Éire ar thús cadhnaíochta i dtaca le beartas a spreagadh chun an lámh in uachtar a fháil ar an ocras ar domhan, agus go háirithe san Afraic. Tá an rialtas ag obair dá réir sin i ndlúthpháirt le rialtas na Stát Aontaithe maidir leis an ocras agus an droch-chothú. Aibhsíodh an chomhiarracht seo le gairid nuair a tionóladh cruinniú le rialtas na Tansáine i mí Meithimh 2011, a raibh Éamon Gilmore TD, Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, maille le Hilary Clinton, Rúnaí Stáit na Stát Aontaithe, ag freastal air.

Is fada ó d'aithin an comhar um fhorbairt in Éirinn 2.4
nach é an sreabhadh cúnaimh ón iasacht amháin a chuireann an forás eacnamaíochta agus sóisialta chun cinn ins na tíortha afraiceacha atá i gcomhpháirtíocht linn, agus nach air amháin atá sé bunaithe. Ní mór infheistíocht dhíreach eachtrach, gnó agus fiontraíocht dhúchasach, trádáil, turasóireacht agus slógadh éifeachtach na n-acmhainní náisiúnta a bheith i gceist chun cumasc na forbartha eacnamaíochta agus sóisialta a bhaint amach agus ba chóir do chlár oibre Chúnamh Éireann tacú leis na tosca sin ar fad agus iad a spreagadh.

**CUID A DÓ** COMHPHÁIRTÍOCHT NA FORBARTHA

**2.5** Mar shampla, tá gá le córais cánach atá éifeachtach, cothrom, chun feabhas a chur ar an timpeallacht do lucht gnó agus chun ioncam stáit a ghiniúint ar mhaithe le pleananna sóisialta inbhuanaithe, an bhochtaineacht a mhaolú agus seirbhísí a chur ar fáil. Ainneoin na bhfabhtanna atá ar bhailiú cánach faoi láthair, gineann an t-ioncam náisiúnta deich n-oiread airgid agus a ngineann an cúnamh idirnaisiúnta don Afraic. Bíonn an coibhneas idir an cháin agus an mórtháirge náisiúnta níos lú faoi dhó, áfach, i gcuid des na tíortha bochta ná an coibhneas is gnáthach sna tíortha forbartha, agus fadhb mhór i gcónaí í seachaint na cánach.

**2.6** Tá Éire ag tacú le roinnt tionscnamh éifeachtacha a spreagfadh feidhmiú na n-acmhainní dúchasacha san Afraic. Tá tacaíocht á tabhairt, mar shampla, dos na hi-arrachtaí sa réigiún ar nós an ATAF (fóram na riarthóirí cánach san Afraic) agus don chomhoibriú díreach idir na Coimisinéirí Ioncaim in Éirinn agus a macasamhail i Rwanda. Ní hionann an cás ag gach tír, ná ní hionann an tairbhe is féidir a bhaint as córas cánach níos éifeachtaí, ach is léir go bhfuil tábhacht ag baint leis i dtíortha áirithe.

**2.7** **Déanfaidh Cúnamh Éireann forleathnú ar an obair atá ar siúl aige leis na tíortha comhpháirtíochta chun cuidiú le feidhmiú na n-acmhainní dúchasacha agus feabhas a chur ar an timpeallacht do lucht gnó**

Tá Cúnamh Éireann gafa chomh maith le tacaíocht leanúnach i leith forbairt na hearnála príobháidí agus cuidiú le tosca níos fearr a chur ar fáil don infheistíocht.  Tá cuid mhaith den obair seo ag díriú ar Thíortha ainmnithe na Comhpháirtíochta (san Afraic, Mósaimbíc, an Aetóip, Leosóta, Uganda, an Tansáin, an tSaimbia agus an Mhaláiv), ach tacaíonn Cúnamh Éireann chomh maith le roinnt mhórthionscnamh idirnáisiúnta. 'Cúnamh don Trádáil' nó Aid for Trade an ghnáththéarma a úsáidtear i leith cúnamh forbartha a cuirtear ar fáil do na tíortha comhpháirtíochta mar thaca lena n-iarrachtaí cur lena gcumas a gcuid trádála a leathnú, forás na heacnamaíochta a spreagadh, agus feidhm níos éifeachtaí a bhaint as an trádáil chun an bhochtaineacht a mhaolú. Tá calafoirt na hÉireann, agus Calafort Átha Cliath san áireamh, páirteach le Cúnamh Éireann agus UNCTAD sa chlár oibre Train for Trade ("Oiliúint don Trádáil") a chuimsíonn calafoirt i nGhana agus sa Tansáin. Tá Éire tiomnaithe don chúnamh iltaobhach seo don trádáil agus tacaíonn sí leis mar uirlis a chuideodh leis na tíortha i mbéal forbartha teacht isteach sa chóras trádála domhanda agus comhtháthú leis. **2.8**

Tá an Roinn tiomanta don bhforbairt atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus atá ag teacht le riachtanais agus tosaíochtaí an phobail ins na tíortha i mbéal forbartha, agus a thacaíonn le díothú na bochtaineachta. **2.9**

**CUID A DÓ** COMHPHÁIRTÍOCHT NA FORBARTHA

Leanfaimid don rannpháirtíocht leis na príomheagraíochtai timpeallachta ilnáisiúnta, agus léireoimid go bhfuilimid tiomanta do réiteach fadhbanna na timpeallachta domhanda. Tá tábhacht leis an tosaíocht a tugtar don timpeallacht í Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hAfraice. Leanfaidh an Roinn dá páirtíocht i saothrú polasaithe na hÉireann maidir leis an timpeallacht agus le athrú na haeráide, i réimsí ar nós an FSF (Mearmhaoiniú Tosaigh), agus riail chúiteamh astuithe carbóin a chomhlíonadh. Beimid ag obair go dlúth i gcónaí leis an Roinn Chomhshaoil, a bhfuil ceannaireacht aici sa réimse seo, agus ag féachaint chuige go mbeidh polasaithe dá leithéid ar an timpeallacht ag comhlánú agus ag neartú scéimeanna comhar um fhorbairt de chuid an Rialtais.

**2.10** — Tá bunáit láidir ag Éirinn mar bhallstát den Aontas Eorpach chun na beartais agus na prionsabail a thaobhaíonn sí a chur chun cinn in earnáil na forbartha idirnáisiúnta agus ar an láthair san Afraic. Beidh cion na hÉireann de bhuiséad forbartha an Chomhphobail Eorpaigh ag dul i méid ins na blianta romhainn, mar iomlán agus mar chéadatán de bhuiséad na hÉireann don chomhar um fhorbairt (ODA). **Leanfaidh Éire uirthi ag baint áis as a cáil mar bhallstát den Aontas Eorpach chun díriú ar ghátar an dream is dearóile agus is éislinní, go háirithe san Afraic taobh ó dheas den Sahára.**

**CUID A TRÍ**

# AN CAIDREAMH POLAITIÚIL



## CUID A TRÍ AN CAIDREAMH POLAITIÚIL

3.1 Áirítear mar phríomhthosaíochtaí i bpolasaí eachtrach na hÉireann cothú na síochána agus na slándála, an dí-armáil, urraim do chearta an duine agus riail an dlí. Tá na tosaíochtaí seo i gcroílár an chaidrimh leis an Afraic chomh maith. Tá tábhacht leis na haidhmeanna seo iontu féin; ina theannta sin cruthaíonn siad na dála chun forás inbuanaithe eacnamaíochta agus sóisialta a bhaint amach.

3.2 Oibreoimid chun na haidhmeanna seo a chur chun cinn tríd an gcaidreamh le tíortha na comhpháirtíochta go déthaobhach agus tríd an gcaidreamh iltaobhach ins an Aontas Eorpach, ins na Náisiúin Aontaithe agus ins na heagraíochta afraiceacha, go speisialta san Aontas Afraiceach.

3.3 An caidreamh a saothraíodh go dtí seo trí bhithin obair Chúnamh Éireann, tugann sé bunús an-láidir dúinn chun gaol polaitiúil agus eacnamaíochta breise a nascadh leis na tíortha céanna sin – Uganda, an Aetóip, an tSaimbia, Mósaimbíc, Leosóta, an Tansáin agus an Mhaláiv. Méadaíonn an rannpháirtíocht seo chomh maith ar an gcumas atá againn oibriú le tíortha na hAfraice i gcoitinne i ngach réimse.

3.4 Is iad Maracó, an Ailgéir, an Túinéis, an Libia agus an Éigipt na comharsana san Afraic is gaire don Aontas Eorpach. Is léir go bhfuil comhleasanna againne agus ag na cúig thír sin ar mhórán téamaí. Tá oll-chlaochlú ag teacht ar an réigiún sin, rud a thuillfeadh iarracht níos treise ón Aontas Eorpach, Éire san áireamh, chun dul i ngleic pholaitiúil leis

Taobh ó dheas den Sahára, tá an Afraic Theas agus an Nigéir ag éirí ina gcumhachtaí eacnamaíochta agus polaitíochta, bíodh is go bhfuil dúshlán inmheánach rompu fós i dtaca leis an bhforás. Cumhachtaí réigiúnacha rí-thábhachtacha an dá thír sin, atá ag glacadh páirt níos mó i gcúrsaí an domhain trí chéile agus beifear ag súil le seasamh forránach uathu maidir leis na ceisteanna móra idirnáisiúnta. Comhalta den G20 is ea an Afraic Theas. 3.5

I bhfianaise na gcúinsí sin, ní miste teagmháil níos rialta, níos structúrtha agus níos airde céim a bheith ann idir rialtas na hÉireann agus a chuid oifigeach agus a macasamhla i bpríomhthíortha na hAfraice. **Molfaimid dá réir sin cruinnithe tráthrialta comhchomhairle polaitiúil idir Éire agus tíortha afraiceacha, ag féachaint le cuairt in aghaidh na bliana ar dhá thír ar a laghad san Afraic a shocrú don Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Cuimseoidh gach cuairt acu téamaí gnó. Lorgófar cuairteanna ar Éirinn ó rialtais agus parlaimintí na hAfraice, agus cruinnithe níos minicí idir toscaireachtaí Éireannacha agus Afraiceacha ar comhdhála idirnáisiúnta.** 3.6

## CUID A TRÍ AN CAIDREAMH POLAITIÚIL

3.7 Tá beath-pháirt ag an Aontas Eorpach (AE) san iarracht ar aidhmeanna polaitiúla, eacnamaíochta agus forbartha a bhaint amach san Afraic. Is í Straitéis an AE i leith na hAfraice bunchloch an chaidrimh idir an Aontas agus an Afraic, agus tá fairsingiú agus doimhniú le sonrú le blianta beaga anuas sa chomhoibriú idir an dá réigiún. An teist atá ar Éirinn san Afraic, mar thír bheag nach ndearna cóilíniú riamh ann, tugann sí léargas fónta dúinn. De bhrí go bhfuil eolas agus taithí againn ar fhadhbanna forbartha na hAfraice, tig linn páirt fhónta a ghlacadh i gcaibidil an Aontais nuair a bhíonn beartais á bplé a rachadh i gcion ar an ilchríoch sin.

3.8 Is fíor chomh maith gur féidir linn, trí bhíthin an Aontais, dul i gcion ar chúrsaí polaitíochta agus sóisialta san Afraic ar bhealach i bhfad níos éifeachtaí ná mar a dhéanfaimis inár n-aonar. **Ullmhóidh Buan-Ionadaíocht na hÉireann i ndáil leis an AE tuarascáil faoin gcaoi chun treis a chur lenár gcumas dul i ngleic le institiúidí an AE maidir le cúrsaí na hAfraice. Beidh an pháirtíocht leis an Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS), a bunaíodh le gairid, san áireamh anseo.**

3.9 Tá tábhacht as cuimse, ó thaobh leas na hAfraice de, ag baint le eagraíocht na Náisiún Aontaithe a bheith éifeachtach, comhleanúnach. Cloífidh Éire mar sin lena seasamh i bhfábhar an chlár oibre ar Athchóiriú na Náisiún Aontaithe agus feidhmiú an chláir Delivering as One (“Seirbhís comhaontaithe”) agus Comhleanúnachas ar fud Córas na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, go háirithe sa mhéid a bhaineann le cistí agus scéimeanna forbartha na Náisiún Aontaithe agus an tábhacht atá acu maidir le cúnamh éifeachtach a chur ar fáil don Afraic.

Oibreoidh Éire ar son comhpháirteachas níos mó le 3.10
tíortha afraiceacha ins na Náisiúin Aontaithe maidir le ceisteanna ar nós an imirce nó athrú na haeráide, go bhfeicimid cé na haidhmeanna a d’fhéadfaí oibriú orthu i bpáirt le chéile. **Rachaidh Misin na hÉireann ag na Náisiúin Aontaithe i mbun oibre chun roghanna beartas sa limistéar seo a rianú.**

Dá thábhachtaí í obair an AE agus na Náisiún Aontaithe ar fud an domhain, is nós leis na hAfraicigh cloí, mar is cóir, le réiteach afraiceach a chuardach ar
fhadhbanna na hAfraice. Is é an tAontas Afraiceach 3.11
(AA) an phríomheagraíocht idir-rialtasach atá acu, agus tá borradh faoina chuid oibre maidir le réiteach aighneas, idirghabháil, coimeád na síochána agus an dea-rialachas. Tá forrántacht níos mó le sonrú freisin san AA agus é ag lorg seasamh uile-afraiceach níos láidre agus níos leanúnaí i leith ceisteanna athrú aeráide agus a leithéid.

**CUID A TRÍ** AN CAIDREAMH POLAITIÚIL

**3.12** — Má éiríonn linn caidreamh leis an AA a neartú, trí bhíthin airí rialtais a bheith páirteach i gcruinnithe mullaigh agus imeachtaí eile ard-leibhéil mar shampla, ceadóidh sé sin dúinn teagmháil níos minicí le taoisigh na hAfraice agus cuirfidh sé lenár dtuiscint ar chúrsaí na hAfraice chomh maith. **Agus é mar aidhm againn tacaíocht níos láidre a chur ar fáil do chomhtháthú réigiúnach na hAfraice, mar ghluaiseacht a thabharfadh fuinneamh breise don bhforás agus a chuirfeadh modh réitithe díospóidí ar fáil, molfaidh ionadaíocht na hÉireann i ndáil leis an Aontas Afraiceach (AA) slite inar féidir linn dul i ngleic níos éifeachtaí leis an AA, trí bhíthin tacaíocht airgid níos mó dá chuid oibre, mar shampla, i dtaca leis an rialachas, an tsíocháin agus an tslándáil.**

**3.13** — Tá líonra ocht gComhphobal Eacnamaíochta Réigiúnach san Afraic chomh maith, agus sainordú acu comhtháthú na hAfraice a chur chun cinn. Beimid gníomhach ag lorg caoi chun nasc níos treise a cheangal le cuid acu seo, trí ambasáidí na hÉireann san Afraic.

CUID A CEATHAIR

# CAIDREAMH TRÁDÁLA AGUS EACNAMAÍOCHTA



## **CUID A CEATHAIR** CAIDREAMH TRÁDÁLA AGUS EACNAMAÍOCHTA

**4.1** Is dócha gur i limistéar na heacnamaíochta is fearr atá seans againn an caidreamh fadtéarmach idir Éire agus an Afraic a neartú agus a mhúnlú. Bíodh is go bhfuil sreabhadh an chúnaimh idirnáisiúnta (ODA) rí-thábhachtach chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, tá a sciar den gníomhaíocht eacnamaíochta iomlán san Afraic ag laghdú. Tá borradh faoin infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) idirnáisiúnta agus faoin trádáil agus fiontar inmheánach agus idir-afraiceach mar innill spreagadh foráis ar fud na hilchríche ar fad.

**4.2** Agus an gaol idir Éire agus an Afraic ag teacht in aibíocht, caithfimid féin tosnú ag féachaint romhainn agus ullmhúchán a dhéanamh chun na naisc mheántré-imhseacha nó fadtréimhseacha le tíortha na hAfraice a fhorleathnú, agus druidim i dtreo gaol ilghnéitheach a chuimseodh caidreamh neartaithe trádála, inf-heistíochta, turasóireachta agus pearsanta, seachas gaol idir deontóir agus faighteoir mar a bhí roimhe seo.

**4.3** Ní miste a bheith réadúil maidir leis an toradh a bhfuiltear ag súil leis agus muid ag taobhú ilchríoch na hAfraice ar an dóigh seo, agus an beagán acmhainní atá againn a úsáid ar bhealach fócasaithe, dírithe, strai-téiseach. Ilchríoch í an Afraic atá fós i mbéal forbartha, agus is iomaí dúshlán agus deacracht a chuirfeadh srian ar an ionchas do bhabhtáil gheilleagrach níos mó. Ina theannta sin, tá an-éagsúlacht san ilchríoch, a bhfuil breis agus 50 tír ann, agus dífríocht mhór eatarthu maidir leis an ionchas a bheadh ann chun naisc eacnamaíocha a fhorleathnú.

Ní hionann an anailís ná an cur chuige a theastódh i ngach áit. Ba chóir a bheith forránach i dtíortha nó in earnála áirithe ach in áiteacha eile bunófaí an chuid is mó den obair ar an ionchas trádála agus infheistíochta a sonraíodh cheana.

Ó thug an Rialtas ról níos fairsinge don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maidir leis an trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn, is fiú scrúdú a dhé-anamh ar an tosaíocht ar fud na Roinne agus ar fud gréasán uile na n-ambasáidí. Ní fhéadfadh an ról níos fairsinge seo bheith ní ba thráthúla i gcás na hAfraice. **4.4**

Ní furasta an margadh í an Afraic, ná ní hionann an acmhainneacht ghnó i ngach tír inti. D'fhéadfadh am agus foighid bheith i gceist chun gaolmhaireacht ghnó a dhéanamh i gcásanna áirithe. Is léir i dtíortha agus réigiún eile, áfach, go bhfuil acmhainn ann chun an bhabhtáil a fhorleathnú ins na hearnála ina bhfuil dearbhchumas agus inniúlacht ag Éirinn agus caith-fimid tosnú anois ar an anailís agus ar an bhfothú, mar ullmhúchán don ghaolmhaireacht eacnamaíoch a bheas le cruthú agus le neartú ins na blianta amach romhainn agus go ceann i bhfad. Is léir go mbeidh páirt rí-thábhachtach ag ambasáidí na hÉireann sa cur chuige seo, ó is iad a chuirfeas ionú ar fáil chun acmhainneacht na hÉireann mar chomhpháirtí don Afraic a léiriú agus limistéir a aithint ina bhfeileann ábaltacht lucht gnó na hÉireann do na riachtanais agus na heasnaimh a bheadh ar gheilleagar na dtíortha afraiceacha. **4.5**

## **CUID A CEATHAIR** CAIDREAMH TRÁDÁLA AGUS EACNAMAÍOCHTA

**4.6** Tá cuid mhaith foilseachán agus staidéar arna cur amach le blianta beaga anuas a aithníonn an t-athrú atá tagtha ar chor eacnamaíoch na hAfraice. Tháinig tuarascáil ó chomhairleacht McKinsey i mí Meithimh 2010 ar chor agus ionchas gheilleagar na hAfraice, a thuairisc go raibh méadú ó $15 billiún i 2000 go dtí $87 billiún i 2007 tagtha ar an sreabhadh iomlán caipitil ón iasacht isteach san Afraic. Tuarann McKinsey go bhféadfadh ceithre grúpa tionscal ar a laghad – tionscail dírithe ar thomhaltóirí, an talmhaíocht, na hacmhainní nádúrtha agus an bonneagar – ioncam suas le $2.6 trilliún in aghaidh na bliana a ghiniúint faoin mbliain 2020. Deir an tuarascáil gur léir go bhfuil áiméar ann margaí a chruthú, brandaí a fhódú agus struchtúr an tionscail a mhúnlú, ach bheith ar an bhfód in eacnamaíocht na hAfraice go dea-mhoch. Tagann tuarascáil níos déanaí ar ionchas an gheilleagaír san Afraic (African Economic Outlook Report) ar a mhacasamhail de thuairim.

**4.7** Ní féidir dearcadh ar an Afraic níos mó mar pháirtí imeallach ó thaobh na heacnamaíochta nó na polaitíochta de. Is í an Afraic taobh ó dheas den Sahára an tríú réigiún is luaithe foráis ar domhan, i ndiaidh na Síne agus na hIndia. Ar bhunachar an-íseal a thagann an forás seo, ár ndóigh, agus tá breis agus 50 tír san Afraic, a bhfuil sainphróifil eacnamaíoch agus ráta fáis difriúil acu go léir. Rátaí foráis iad mar sin féin a rachadh i gcion ar dhuine. Go fiú i gcás na dtíortha atá ar éigin i mbéal forbartha fós, is féidir an dúshraith a leagan síos do ghníomhaíocht eacnamaíoch na hÉireann amach anseo, ach straitéis a cheapadh anois don chomhpháirteachas eacnamaíochta leis an Afraic.

Is é is dóichí go gcasfaidh an domhan forbartha i dtreo na hAfraice ar bhealach suntasach faoi cheann deich mbliana. Meastar go leanfaidh an ráta foráis atá ann faoi láthair sách tréan, timpeall sé faoin gcéad in aghaidh na bliana. **4.8**

Caithfimid a aithint nach mór acmhainní a dhíriú feasta ar an réigiún seo, de réir mar a leanann an ráta foráis seo, agus go ndruideann tuilleadh tíortha san Afraic chun rathúnais agus borradh faoin meánaicme. Má leagaimid síos an tiomantas anois an caidreamh eacnamaíoch leis an Afraic a fhorbairt, is cinnte go mbeidh Éire sách aclaí, i bhfianaise an dea-cháil atá ar an scéim rathúil cúnaimh um fhorbairt atá againn, maille le ceangaltais na staire agus na misinéireachta, chun na hacmhainní atá ar fáil againn a úsáid le pairt a ghlacadh i bhforbairt na hAfraice. Caithfimid féachaint len é seo a dhéanamh ar chaoi a rachadh chun tairbhe do ghnólachtaí Éireannacha, agus ar chaoi a bheadh ag teacht le aidhmeanna an scéim chúnaimh agus le toil na dtíortha afraiceacha de réir mar a d’fhógair siad í, mar atá, tacú leis an bhforbairt neamhspleách agus forás chomh uileghabhálach agus is féidir a chothú. **4.9**

Tá údar maith leis an moladh gur chóir do Éire treise a chur leis an gcaidreamh eacnamaíoch atá aici le mórchumhachtaí eacnamaíochta na hAfraice ar nós an Afraic Theas, an Nigéir, an Éigipt, an Libia agus tíortha eile na hAfraice Thuaidh, maille le roinnt tíortha eile a mbeadh áiméar ann feiliúnach do gnólachtaí na hÉireann. **4.10**

**CUID A CEATHAIR** CAIDREAMH TRÁDÁLA AGUS EACNAMAÍOCHTA

Tá gaolmhaireacht éigean ann cheana, agus borradh fúithi, ins na tíortha atá ainmnithe mar Thíortha Comh-pháirtíochta ag Cúnamh Éireann sa scéim comhar um fhorbairt.

## Caidreamh Trádála na hÉireann

4.11 Tá méid na trádála leis an Afraic faoi láthair an-bheag (cé is moite den Afraic Theas agus tíortha na hAfraice Thuaidh). Aon faoin gcéad den easportáil iomlán as Éirinn chuig an domhan mór a bhí san easportáil iomlán chun na hAfraice sa bhliain 2010. I gcás com-hlachtaí áirithe ins na hearnála cearta, áfach, a bheadh sásta am agus dua a chaitheamh le gaolmhaireacht a chothú agus eolas a chur ar an margadh, tá áiméar nach beag i dtíortha agus réigiúin áirithe san Afraic.

4.12 Ní luaitear an Afraic mar mhargadh insroiste sa straitéis chomhtháite trádála infheistíochta agus turasóireachta, a d'fhoilsigh an Rialtas i mí Meán Fómhair 2010 faoin teideal 'Trading and Investing in a Smart Economy', cé go n-áirítear an Afraic Theas ar na tíortha a dtugtar tosaíocht dóibh. Tá anailís fhiúntach sa straitéis, áfach, ar na hearnála a d'fhéadfadh dian-fhorás a spreagadh agus ionchas easportála d'Éirinn. Tá ceacht le foghlaim ón anailís agus muid ag díriú ar mhargaí na hAfraice. Tá an Teileachumarsáid, na seirb-hísí airgeadais agus an Ríomh-Fhoghlaim aitheanta ag Fiontraíocht Éireann mar earnála ar fiú aird a thabhairt orthu, chomh maith le soláthar bonneagair do scé-imeanna fuinnimh, uisce, foirgníochta sibhialta, sláinte agus oideachais.

Tá forás seasta faoin easpórtáil earraí bia agus dí chuig an Afraic, agus an déiríocht go speisialta ag cruthú go maith. Tá tábhacht níos mó ag baint leis an Nigéir, an Afraic Theas agus tíortha na hAfraice Thuaidh mar mhargaí do lucht easportála bia agus deoch, agus leanfaidh na hambasáidí cuí den dlúthobair leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta, le Bord Bia agus leis na cuideachtaí Éireannacha atá i mbun oibre sna limistéir sin. 4.13

Is é an dúshlán atá roimh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus roimh ghréasán na n-ambasáidí thar lear, ár modh oibre a shaothrú sa chaoi go dtacaí sé le leas na hÉireann agus go dté sé i gcion air, maidir leis an trádáil agus an infheistíocht. Is féidir an obair sin a bhunú ar an lucht teagmhála atá againn cheana agus ar na hacmhainní atá ar an láthair, nó ar bheartais úrnua, spriocdhírithe. 4.14

Cé nach bhfuil mórán comhlachtaí Éireannacha ag trádáil leis an Afraic faoi láthair, nuair a thiocfas méadú ar an líon sin is dócha go dteastóidh níos mó tacaíochta agus cúnaimh uathu ná mar a theastaigh i roinnt réigiún eile. Ní mór a aithint nach áiméar amháin, ach dúshlán nach beag chomh maith atá romhainn san Afraic. Beidh ar na hambasáidí agus an Roinn agus an Rialtas tré chéile a bheith aclaí, agus iad ag plé leis na deiseanna eacnamaíocha a thiocfadh chun cinn sa timpeallacht choimthíoch seo. 4.15

**CUID A CEATHAIR** CAIDREAMH TRÁDÁLA AGUS EACNAMAÍOCHTA

## Gníomhaíocht idirnáisiúnta san Afraic.

4.16 — Tá réim oibre eacnamaíoch na hÉireann san Afraic arna fhorleathnú de bharr beagán comhlachtaí ilnáisiúnta a bheith ann a bhfuil dlúthcheangal le hÉirinn acu. Tá na comhlachtaí seo gafa le réimsí difriúla, mar atá, an mhianadóireacht, taiscéalaíocht ola agus giniúint leictreachais. Is gnáthach dóibh a bheith gníomhach i roinnt mhaith tíortha agus go n-aithneodh go leor de lucht gnó agus lucht rialtais san Afraic a n-ainmeacha. Infheisteoirí móra iad na comhlachtaí seo, a fhostaíonn go leor daoine agus tá méadú ag teacht ar an bpáirt a ghlacann siad i bhforbairt eacnamaíoch na hilchríche ar bhealach inbhuanaithe.

4.17 — De bharr na comhlachtaí seo a bheith ar an láthair san Afraic, is fearrde go mór cáil na hÉireann mar fhoinse ghnó, agus is mó an t-aitheantas a tugtar do ghníomhaíocht eacnamaíoch na hÉireann. Tá gréasán na n-ambasáidí i dteagmháil cheana le go leor d'ionadaithe na gcomhlachtaí seo ar an láthair san Afraic agus tugann tacaíocht dóibh

4.18 — **Bainfidh an Roinn úsáid as an teagmháil atá aici leis na comhlachtaí ilnáisiúnta le caoi a lorg inar féidir stiúir agus comhairle a chur ar fáil do chomhlachtaí níos lú atá ag iarraidh dul isteach ar mhargadh na hAfraice, ach in earnáil eile. Tá seans gur féidir le comhlachtaí Éireannacha eile tairbhe a bhaint as rathúlacht agus fabhar na gcomhlachtaí móra agus gur preabchlár acu iad chun dul isteach sa réigiún.**

Tá Éire roghnaithe ag cuid mhaith comhlachtaí ilnáisiúnta mar ionad seirbhíse do réigiún na hEorpa, an Mheán-Oirthir agus na hAfraice. D'fhéadfadh caoi a bheith ann teagmháil a dhéanamh tré bhíthin daoine bunaithe in Éirinn a dhéanann turas go tráthrialta chuig fo-chomhlachtaí san Afraic. Baineann cuid de na hambasáidí feidhm cheana as an teagmháil le hÉireannaigh atá ag obair in oifigí na hAfraice ag comhlachtaí meiriceánacha agus eile. — 4.19

**Lorgóidh an Roinn caoi chun forleathnú a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht atá ann faoi láthair agus breathnóidh sí an féidir cuireadh a thabhairt do na daoine seo páirt a ghlacadh i ngréasán gnó, nó an tsaoithiúlacht atá acu a chomhroinnt ar chomhlachtaí Éireannacha.** — 4.20

Tá nascadh eacnamaíoch déanta ag tíortha fo-Saháracha na hAfraice le tíortha eile i mbéal forbartha agus le margaí atá ag éirí, agus is ionann anois é agus an tríú cuid de thrádáil eachtrach na hAfraice, agus é méadaithe faoi thrí le deich mbliana anuas. Tá forás níos sciobhta fós faoin trádáil leis an tSín léi féin. Tá tacaíocht ag teacht as an iliomad cearn do na comhpháirtíochtaí seo 'Aneas-ó Dheas', mar a tugtar orthu, agus moltar iad, ní amháin as an sochar do na deontóirí agus na hinfheisteoirí ach as malartú na faisnéise agus na ceachtanna atá le tógáil as. — 4.21

## **CUID A CEATHAIR** CAIDREAMH TRÁDÁLA AGUS EACNAMAÍOCHTA

4.22 **I bhfianaise neartú na gníomhaíochta san Afraic ag rannpháirtithe nua eacnamaíocha ar nós na Breasaíle, an Chóiré, na hIndia agus na Síne, déanfaidh ambasáidí na hÉireann ins na tíortha sin, maille lenár n-oifigí san Afraic, próifíl níos iomláine den chaidreamh sin a chur i dtoll a chéile, féachaint an mbeadh aon chomhleas againn leis na tíortha sin. Ba chóir dúinn iniúchadh a dhéanamh freisin ar chomhoibriú le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus leis an tSeapáin maidir le cláir oibre forbartha san Afraic a bheadh dírithe ar chúrsaí eacnamaíochta, ag cuimhneamh dúinn ar an scála mar chuimse ar an obair, ach freisin ar an mian atá againn ar fad an daonlathas agus eacnamaíocht an tsaormhargadh a neartú.**

4.23 Tá an domhan mór anois ag féachaint níos grinne ar stáit na hAfraice mar imreoirí ar pháirc an gheilleagaír idirnáisiúnta i réimse na talmhaíochta nó an tsoláthar fuinnimh nó eile. Tá tíortha na hAfraice agus an réigiún trí chéile ag dul i gcion níos treise ar an idirbheartaíocht trádála domhanda, de bharr an Afraic Theas a bheith sa G20, mar shampla. Is fiú dá réir sin caidreamh níos gníomhaí a chothú leis an Afraic Theas go háirithe.

4.24 **Ba chóir dúinn féachaint leis an aighneas eacnamaíoch leis an Afraic Theas a mhéadú ó scála agus caidreamh níos gníomhaí a chothú, trí bhíthin na hAmbasáide i bPretoria, maidir leis na téamaí eacnamaíochta agus polaitíochta a dtugann an Afraic. Theas féin tosaíocht dóibh, ina measc sin an pháirt atá aici sa G20, sa G77 agus i gcaibidlí eile, an comhbhá atá ag fás idir í agus an India agus an Bhreasaíl agus na comhleasa a bheadh aici leis na tíortha sin, agus na saoráidí a bheadh ar fáil san Afraic Theas mar ionad iontrála agus dáileacháin chun trádáil níos forleithne a dhéanamh san Afraic.**

D’fhéadfaí a mhaíomh freisin gur chóir aird níos mó a thabhairt don chaidreamh eacnamaíoch le roinnt tíortha eile san Afraic, an Éigipt agus an Nigéir, cuir i gcás, mar a bhfuil taidhleoirí againn ar an láthair, nó le tíortha a bhfuil caidreamh taidhleoireachta againn ach gan aon oifig againn ar an láthair, más léir ó fhorás na heacnamaíochta iontu go bhfuil ionchas ann do ghnólachta Éireannacha sa ghearrthéarma nó sa meántéarma. 4.25

CUID A CÚIG

# MOLTAÍ DON TRÉIMHSE ROMHAINN



## **CUID A CÚIG** MOLTAÍ DON TRÉIMHSE ROMHAINN

5.1 Ag dearcadh ar na naisc eacnamaíochta atá againn leis an Afraic, leagfaidh an Straitéis seo bealach amach don Roinn agus dá cuid oifigí thar lear leis an tacaíocht is cuí agus is éifeachtaí a thabhairt do Eagraíochtaí Stát agus do ghnólachtaí aonair as Éirinn. I gcásanna áirithe, díreoidh sí seo ar an bhfreagra is fearr a thabhairt ar an spéis agus an gá a bheadh ag na cuideachtaí cheana. I gcásanna eile, féachfaidh sí le dul i dtreo na forrántachta agus na straitéise, leis na ceangaltais eacnamaíocha a leathnú amach. Díreofar an cur chuige seo ar spriocanna ar leith agus ar earnála agus réigiúin faoi leith, le go mbaintear feidhm éifeachtach as na hacmhainní teoranta atá againn.

### Próifiliú an leasa agus na hinniúlachta san eacnamaíocht

5.2 **Tabharfar níos mó údaráis maidir le cúrsaí trádála agus infheistíochta do Ambasáidí na hÉireann san Afraic, chun tacú le feidhmiú an ionchas eacnamaíochta san Afraic. Saothróidh an Roinn clár comhroinnt faisnéise, i gcomhairle le Fiontraíocht Éireann, Bord Bia agus na heagraíochtaí cuí eile, rud a chinnteoidh go mbeidh foireann na n-Ambasáidí cáilithe chun an t-áiméar cuí a aithint agus a leanacht ina limistéar creidiúnaithe féin.**

5.3 Féachfaidh an scéim seo chuige go mbeidh na hambasáidí eolach ar iomlán na dtáirgí as Éirinn agus ar na hearnála gnó ina bhfuil barr feabhais bainte amach ag cuideachtaí Éireannacha, le gur féidir comhoiriúint idir na tairiscintí a aithint agus iad a chur ar aghaidh i dtreo an chuspóra.

I dteannta an oiliúna seo, ullmhóidh na hambasáidí mionphróifíl ar an margadh ina dtíortha creidiúnaithe. Beidh sé mar chuspóir againn féachaint chuige go mbainfeadh Éire barrfheidhm as na hacmhainní atá ar an láthair chun leas na gcuideachtaí seo a dhéanamh.

### Fóram Eacnamaíochta Afraic-Éireann

**Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Ambasadóirí na hAfraice atá creidiúnaithe in Éirinn ag obair as lámh a chéile, mar chuid den phróiseas iniúchta ar na deiseanna chun méadú ar an mbabhtáil eacnamaíoch le comhpháirtithe san Afraic. Tá tionscnaimh phraiticiúla á n-ullmhú acu a chuirfeadh leis an trádáil agus leis an infheistíocht sa dá threo. Déanfar na cúrsaí seo a léiriú agus a phlé i bhFóram Eacnamaíochta Afraic-Eireann.** Cruinneoidh an ócáid seo ionadaithe na gcuideachtaí Éireannacha ar suim leo ionchas gnó san Afraic agus ionadaithe as roinnt tíortha afraiceacha. Déanfaidh an Smurfit School i gColáiste Ollscoile Átha Cliath comhphátrúnacht ar an ócáid agus díreofar san obair a leanfadh í ar ceangaltais idir gnólachtaí a fhorleathnú. 5.4

Níl aon dabht ach go bhféadfadh Éire agus cuideachtaí Éireannacha cruthú níos fearr maidir le gnó a dhéanamh agus conarthaí a bhaint amach leis na hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta. Maidir le cúrsaí gnó, bíonn cuid mhaith margaí san Afraic go mór faoi anáil chóras soláthar an rialtais agus is minic a bhíonn institiúidí airgeadais idirnáisiúnta i gceist freisin, ar nós An Banc Domhanda nó deontóir airgid seachtrach eile. 5.5

**CUID A CÚIG** MOLTAÍ DON TRÉIMHSE ROMHAINN

Tá an cheannaireacht ag an Roinn Airgeadais maidir le cúis na hÉireann a chur i láthair an Bhainc Dhomhanda agus institiúidí eile airgeadais idirnáisiúnta agus bíonn sí ag obair go dlúth leis an Roinn seo agus leis an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta, chomh maith le Fiontraíocht Éireann, maidir le deiseanna soláthair a aithint. I bhfianaise na sárthábhachta a bhaineann leis an Aontas Eorpach, an Banc Domhanda agus Banc Forbartha na hAfraice maidir le forás eacnamaíoch agus sóisialta níos forleithne san Afraic, **neartóimid an gaol atá againn le ceanncheathrú an Bhanc Domhanda i Washington agus é mar aidhm againn an t-áiméar is fearr a chruthú do chomhpháirtíocht na hÉireann i dtionscnaimh dá leithéid.**

5.6 **Tig leis na hambasáidí san Afraic páirt níos mó a ghlacadh freisin maidir leis an ceangal le muintir na háite a threisiú, leis na gníomhaithe ábhartha san earnáil phríobháideach, mar shampla, a d'fhéadfadh dul i bpáirt le gnólachtaí Éireannacha chun conarthaí a bhaint amach agus a fheidhmiú. Cothóidh siad gaolmhaireacht freisin a ligfeadh dóibh tuiscint níos fearr a fháil ar na hearnála sin is mó a gcuirtear conradh ar tairiscint iontu agus ionchas a aithint a d'fhéadfadh feiliúint do chuideachtaí Éireannacha.**

5.7 **Déanfaidh na Misin Taidhleoireachta san Afraic, agus ins na tíortha cuí, iniúchadh agus breithniú ar na tionscnaimh atá i bhfeidhm ag tíortha eile a bheadh ar aon aigne agus ar aonmhéid linn chun tacú leis an trádáil san Afraic, bídís á n-oibriú trína gcuid scéimeanna forbartha nó ar bhealach eile.**

**Déanfaidh an Roinn, i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Airgeadais, iniúchadh ar oibriú an Bhainc Dhomhanda, ar an gcineál beartas a mhaoiníonn sé agus ar na hearnála a mbeadh áiméar do chuideachtaí Éireannacha iontu. Iniúchfaidh an Roinn, agus an Ambasáid i Washington, an caidreamh atá againn faoi láthair leis an mBanc Domhanda, an teagmháil atá againn le Éireannaigh atá ar an bhfoireann ann, agus aon mhalairt cur chuige a d'fhéadfadh toradh níos fearr a bhaint amach do chuideachtaí Éireannacha.** 5.8

Aithnítear go forleathan go bhfuil stór mór eolais agus saoithiúlachta le fáil sa mBanc Domhanda agus i mBanc Forbartha na hAfraice araon i dtaca le olltograí eacnamaíochta agus saintograí in earnála ar leith san Afraic. Má bhíonn caidreamh níos treise againn leis na forais seo, cuirfidh sé lenár gcumas anailíse, cuideoidh sé linn beartais chomhar um fhorbairt nó beartais eacnamaíochta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm sa réigiún agus tabharfaidh sé uchtach do chuideachtaí Éireannacha ar mhaith leo infheistiú i bhfiontair náisiúnta nó réigiúnacha san Afraic. 5.9

### Tacaíocht le forais Stáit

Ó tharla breis freagrachta ar an Roinn seo maidir leis an Trádáil a chothú, tiocfaidh gné nua i gceist sa caidreamh le Fiontraíocht Éireann. Cuireann Fiontraíocht Éireann beospéis i margadh na hAfraice Theas agus bíonn sí gníomhach ag cuidiú le gnólachtaí Éireannacha na ceangaltais ghnóthais ann a fhorbairt agus a fhorleathnú. 5.10

**CUID A CÚIG** MOLTAÍ DON TRÉIMHSE ROMHAINN

Tugann Fiontraíocht Éireann tosaíocht don teilea-chumarsáid, don ríomhfhoghlaim agus do sheirbhísí airgeadais mar earnála. Is é is dóichí go gcinnfidh an eagraíocht sin amach anseo gur leor an t-ionchas gnó déthaobhaigh ann le gur fiú oifig a bhunú ar an láthair san Afraic Theas a d'oibreodh chun caidreamh gnó a fhorbairt leis an tír sin.

5.11 — **Tabharfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, in éindí leis an Ambasáid i bPretoria, agus ambasáidí eile i ndeisceart na hAfraice más cuí, gach cúnamh is féidir do Fhiontraíocht Éireann agus í ar tí a cuspóirí gnó sa réigiún seo. Pléifidh an Roinn freisin cén comhoibriú a d'fhéadfaí a dhéanamh sa réigiún le Bord Bia nó le eagraíochtaí stáit eile**

5.12 — Tá grinnspéis léirithe freisin ag Fiontraíocht Éireann sa Nigéir, san Éigipt agus tíortha eile agus tá roinnt oibre déanta aici ag iniúchadh cén t-ionchas a bheadh ann do chuideachtaí Éireannacha. Tá fúithi roinnt tacaíochta a chur ar fáil, agus acmhainní áitiúla 'pathfinder' á n-úsáid aici, do chuideachtaí cliaint dá cuid a chuirfeadh dúil san infheistíocht ins na tíortha sin. Tá acmhainn ghnó ar leith ann do chuideachtaí Éireannacha, dar le Fiontraíocht Éireann, in earnáil na teileachumarsáide agus beidh an Roinn agus na hAmbasáidí ag obair go dlúth le Fiontraíocht Éireann feasta chun taighde a dhéanamh ar an earnáil seo agus na ceangaltais chuí a aimsiú. **Oibreoidh na hAmbasáidí go dlúth le Fiontraíocht Éireann le go dtugtar gach cúnamh is féidir di chun a próifíl féin agus próifíl na ngnólachtaí Éireannacha a mhaisiú ins na tíortha sin.**

## An tSineirgíocht á lorg idir scéimeanna Cúnamh Éireann agus an trádáil déthaob-hach agus an infheistíocht:

Níl aon cheangal tráchtála ar Chúnamh Éireann, scéim oifigiúil na hÉireann don chomhar um fhorbairt, agus ní bheidh. Cuireann an scéim sin deiseanna teagmhála ar fáil mar sin féin a bheadh luachmhar maidir le leas na hÉireann i gcúrsaí eacnamaíochta a chur chun cinn agus maidir le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí Éireannacha. Beimid ag dréim le feidhm níos mó a bhaint as na nascanna sin feasta. — 5.13

Tacaíonn scéimeanna Chúnamh Éireann freisin le tionscnaimh a chuidíonn le timpeallacht ghnó níos fearr a chur ar fáil i dtíortha na comhpháirtíochta san Afraic, agus d'fhéadfadh sé seo dul chun tairbhe go héifeachtach do ghnólachtaí Éireannacha, más go hindíreach féin é. — 5.14

Bíonn scéimeanna eile de chuid Chúnamh Éireann ag cothú forbairt na hearnála príobháidí ar fud na hAfraice. Déanfar na tionscnaimh atá ann san earnáil phríobháideach a bhreithniú féachaint cén tairbhe atá le baint as an taithí sin agus an fhoghlaim ar mhaithe lenár gcuid oibre san Afraic. — 5.15

Cuirfear oiliúint agus cumasú speisialta ar fáil freisin don bhfoireann ins na hambasáidí san Afraic le gur fearr a bheas na misin sin in ann freastal ar chúraim na n-eagraíochtaí stáit agus an lucht gnó. — 5.16

**Déanfar measúnú freisin ar mholtaí a chuirfeadh maoiniú ar fáil do thionscaimh phíolótacha áirithe i dtíortha na comhpháirtíochta a thacódh leis an trádáil agus infheistíocht sa dá threo.**

## Gréasán na nAmbasáidí agus na gConsalachtaí Éireannacha san Afraic

5.17 Is é an gréasán ambasáidí san Afraic bunchloch an chaidrimh oifigiúil atá againn leis an Afraic agus uirlis ríluachmhar é chun leas eacnamaíochta na hÉireann a chur chun cinn ann. Tá Ambasáidí iomlána fothaithe againn in aon cheann déag de phríomhchathracha na hAfraice agus tá taidhleoirí Éireannacha creidiúnaithe i 27 tíortha eile. Tá Consail Oinigh nó Ard-Chonsail Oinigh againn i dtíortha áirithe acu sin. **Lorgóidh an Roinn caoi chun ról na gConsal Oinigh san Afraic maidir leis an trádáil agus an infheistíocht a threisiú, agus sainoiliúint san áireamh.**

5.18 **Féachfaidh an Roinn le leas iomlán a bhaint as gach cuairt a thabharfadh Airí Rialtais ón Afraic ar Éirinn chun cruinnithe leis an earnáil phríobháideach in Éirinn a eagrú, nuair is cuí, maidir le cúrsaí tráchtála agus gnó.** Déanfaí a leithéid a eagrú i gcomhar leis na heagraíochtaí stáit. Beidh gné tráchtála agus gnó le comhshnaidhmeadh freisin le gach cuairt a thabharfaidh Aire as Éirinn ar thíortha na compháirtíochta nó ar thíortha eile na hAfraice.

Is í an aidhm atá ag na tionscnaimh cumasaithe seo ar fad go mbeadh ar cumas na n-ambasáidí cor na heacnamaíochta san Afraic a ghrinniú, go háirithe ins na hearnála tosaíochta aitheanta ar nós na teileachumarsáide, agus freagairt go héifeachtach do gach iarratas ar leith ó na heagraíochtaí stáit nó cuideachtaí Éireannacha a bheadh ag iarraidh cur leis na ceangaltais ghnó sa limistéar ina bhfuil siad creidiúnaithe. 5.19

## Comhar um Oideachas

Seoladh straitéis nua le gairid a dhíríonn ar barrthairbhe a bhaint as na naisc idirnáisiúnta san oideachas, trí micléinn ón iasacht a mhealladh go hÉirinn, an pháirtíocht agus an malartú san oideachas a bhreisiú, agus beartais eile. Beidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, gona gréasán misean taidhleorachta, ag lorg caoi chun na haidhmeanna a eascraíonn ón straitéis seo a chur i bhfeidhm san Afraic. 5.20

Tá Éire gafa cheana leis na réimsí seo tré bhíthin na scéimeanna FTP (clár oiliúna comhaltachtaí Chúnamh Éireann) agus PSC (clár comhar straitéiseach le institiúidí ard-oideachais). Tá céimeanna bainte amach in ollscoileanna Éireannacha ag na céadta macléinn faoi choimirce clár FTP le blianta anuas, daoine atá anois ag obair i bpoist mhórthábhachta ar fud na hAfraice, go háirithe i dtíortha na comhpháirtíochta. Is féidir tábhacht a bheith leis an mogalra seo agus muid ag iarraidh caidreamh níos fairsinge leis an Afraic, agus táthar ag féachaint anois le cumann na n-iarchomhaltaí a neartú. 5.21

**CUID A CÚIG** MOLTAÍ DON TRÉIMHSE ROMHAINN

5.22 — **Déanfaimid iniúchadh ar an tionscnaimh agus na beartais atá ar fáil dúinn i réimse an chomhoibriú acadúil agus taighde idir institiúidí Éireannacha agus a macasamhla san Afraic, agus páirtíocht na hearnála príobháidí san áireamh.** Déanfar scrúdú ar mhéid na dtáillí a gearrfaí ar mhicléinn FTP Chúnamh Éireann agus ar mhicléinn eile as tíortha na comhpháirtíochta agus muid ag feidhmiú na Straitéise um Oideachas Idirnáisiúnta.

### An Comhleanúnachas a neartú sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála sa bhaile agus san Afraic

5.23 — Agus í ag féachaint le cur chuige comhleanúnach a chinntiú maidir leis an Afraic, bunóidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála aonad amháin do chúrsaí na hAfraice, a dhéanfadh comhtháthú idir Rannóg na hAfraice sa Rannán Polaitiúil agus Deisceanna na gClár sa Rannán Comhar um Fhorbairt. Stiúrfaidh an t-aonad seo cúrsaí trádála iasachta agus cothú na hinfheistíochta freisin.

5.24 — Tá tábhacht leis an comhleanúnachas ins na hambasáidí freisin. Beidh cruinnithe tráthrialta ann idir Ceanna na Misean atá bunaithe san Afraic. Beidh tábhacht freisin mar ghléas comhordaithe leis an mogalra Oifigeach Tadhaill Eacnamaíochta atá arna bhunú agus a chuimseoidh ionadaithe ó oifigí uile na hÉireann san Afraic. Déanfar buanteagmháil sa mogalra seo le cumarsáid leictreonach, agus córas Inlíne na Roinne agus Comhdhála Físe in úsáid aige.

Caithfidh Ceanna na Misean lánúsáid aclaí a bhaint as na huirlisí atá ar fáil chun pleanáil ghnó agus bainistíocht feidhmíochta a dhéanamh, ar mhaithe le barr feabhais a bhaint amach ins na scéimeanna agus na beartais ar an láthair, agus cur chuige comhleanúnach a chinntiú ins na trí réimse a rianaítear sa cháipéis seo, mar atá, na réimsí polaitíochta, eacnamaíochta agus comhar um fhorbairt.

CUID A SÉ

# ACHOIMRIÚ NA BPOINTÍ GNÍOMHAÍOCHTA A SONRAÍTEAR MAR THREOIR CHUN AN CAIDREAMH LEIS AN AFRAIC A FHORLEATHNÚ FEASTA



## **CUID A SÉ** ACHOIMRIÚ NA BPOINTÍ GNÍOMHAÍOCHTA A SONRAÍTEAR MAR THREOIR CHUN AN CAIDREAMH LEIS AN AFRAIC A FHORLEATHNÚ FEASTA

**I.** Neartaigh an t-agallamh leis na comhpháirtithe san Afraic maidir le cúrsaí polaitíochta, eacnamaíochta agus sóisialta. Socraigh breis cruinnithe comhchomhairlithe polaitiúla idir oifigigh stáit ó Éirinn agus ón Afraic, mar bhunús le cuairt in aghaidh na bliana ón Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádala ar dhá thír san Afraic ar a laghad. Cuimseoidh gach cuairt acu téamaí gnó.

**II.** Lorgófar breis cuairteanna ar Éirinn ó rialtais agus parlaimintí na hAfraice, agus cruinnithe níos minicí idir Airí Rialtais na hÉireann agus a macasamhla Afraiceacha agus iad ar chomhdhála idirnáisiúnta.

**III.** Lean den bhéim a leagann beartais na hÉireann um fhorbairt ar na córais áitiúla a neartú agus an cumas a chothú chun réiteach dúchasach a aimsiú ar fhadhbanna an daibhris agus an ocrais, de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta chun an cúnamh idirnáisiúnta a dhéanamh níos éifeachtaí, agus de réir na sain-téamaí tosaíochta, mar atá, an t-ocras, athrú na haeráide, comhionannas inscne, an comhrac in éadan na mór-ráigeanna galar ar nós VEID (HIV) agus SEIF (AIDS), agus an dea-rialachas a chothú.

**IV.** Déanfaidh Cúnamh Éireann forleathnú ar an obair atá ar siúl aige leis na tíortha comhpháirtíochta chun cur le feidhmiú na n-acmhainní inmheánacha agus feabhas a chur ar an timpeallacht do lucht gnó agus cuimseoidh sé beartais leis an earnáil phríobháideach a fhorbairt.

**V.** Leanfaidh Éire uirthi ag baint áis as a cáil mar bhallstát den Aontas Eorpach (AE) chun díriú ar ghátar an dream is dearóile agus is éislinní, go háirithe san Afraic taobh ó dheas den Sahára. Ullmhóidh Buan-Ionadaíocht na hÉireann chuig an AE tuarascáil faoin gcaoi chun treisiú ar ár gcumas dul i ngleic le institiúidí an AE, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS) san áireamh, maidir le cúrsaí na hAfraice.

**VI.** Tacóidh Éire leis an gclár oibre chun athchóiriú na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, go háirithe maidir le cistí agus scéimeanna forbartha na Náisiún Aontaithe agus cúnamh don Afraic a chur ar fáil go héifeachtach

**VII.** Tacóidh Éire go láidir le comhtháthú réigiúnach na hAfraice, mar ghluaiseacht a thabharfadh cobhsaíocht pholaitíochta agus fuinneamh breise don bhforás eacnamaíochta. Déanfaidh an Roinn iniúchadh ar shlite le dul i ngleic níos éifeachtaí leis an Aontas Afraiceach (AA) agus le Pobail Eacnamaíocha Réigiúnacha san Afraic.

**VIII.** Tabharfar stiúir níos treise dos na hambasáidí san Afraic maidir le cúrsaí trádála agus infheistíochta agus cuirfear oiliúint agus cumasú ar fhoireann na n-ambasáidí le go mbeidh siad in ann tacaíocht níos fearr a thabhairt do na heagraíochtaí stáit agus do chuideachtaí a bheadh ag lorg ionchas gnó ina limistéar oibriúcháin.

## **CUID A SÉ** ACHOIMRIÚ NA BPOINTÍ GNÍOMHAÍOCHTA A SONRAÍTEAR MAR THREOIR CHUN AN CAIDREAMH LEIS AN AFRAIC A FHORLEATHNÚ FEASTA

**IX.** — Déanfar athbhreithniú ar na saintionscnaimh trádála a bhíonn á maoiniú ag Cúnamh Éireann, leis an taithí agus an fhoghlaim a tógadh uathu go dtí seo a dhaingniú agus an ghníomhaíocht feasta a rianú. Breathnófar freisin ar mhaoiniú a thabhairt do roinnt tionscnamh nua i dtíortha comhpháirtíochta Chúnamh Éireann a thabharfadh tacaíocht don trádáil agus infheistíocht sa dá threo.

**X.** — Neartóidh an Roinn ar an gcomhoibriú le misin taidhleoireachta na hAfraice maidir le tionscnaimh phraiticiúla chun an trádail agus an infheistíocht sa dá threo a fhorleathnú. Léireofar na tionscnaimh seo i bhFóram Eacnamaíochta Afraic-Éireannach 2011. Pléifear slite freisin leis na naisc seo a chothú trí bhíthin cheiliúradh Lá na hAfraice.

**XI.** — Déanfaidh an Roinn iniúchadh ar an tionscnaimh agus na beartais atá ar fáil dúinn i réimse an chomhoibriú acadúil agus taighde idir institiúidí Éireannacha agus a macasamhla san Afraic, agus páirtíocht na hearnála príobháidí san áireamh. Déanfar scrúdú ar mhéid na dtáillí a gearrfaí ar mhicléinn FTP Chúnamh Éireann agus ar mhicléinn eile as tíortha na comhpháirtíochta agus muid ag feidhmiú na Straitéise um Oideachas Idirnáisiúnta.